

SCOILEANNA ATÁ BÁÚIL LEIS AN UATHACHAS

Seicliosta maidir leis an
Timpeallacht Céadfaí



Gaeloideachas 

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.



AMHARC

Tá an Seicliosta maidir leis an Timpeallacht Céadfaí deartha le measúnú a dhéanamh is le timpeallacht a chruthú a ligeann do scoláirí agus don fhoireann araon páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile. Tugann an seicliosta seo samplaí maithe de dheacrachtaí próiseála céadfaí a fhéadfaí teacht aníos sa seomra ranga, chomh maith le rudaí sa timpeallacht a spreagann imní nó ró-ualú céadfaí.

Dea-Chleachtas agus Fianaise ar chóir breathnú amach di	Suíomh	An Staid mar atá	Réitigh Fhéideartha
<p>Tá ord ar an timpeallacht, a ligeann do scoláirí ciall a bhaint aisti.</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá an fhógraíocht sa scoil idir shoiléir agus leanúnach.• Tá fógraíocht mhaith ann do na comhlimistéir• Oibríonn fógraí digiteacha agus tá an t-eolas orthu suas chun dáta.• Tá an fhógraíocht soiléir sa cheaintín, agus tá an lipéadú soiléir ar tháirgí bia.• Déantar machnamh ar an tionchar a fhéadfadh a bheith ag iomhánna nó taispeántas balla ar dhaoine a bhfuil uathachas orthu.• Tá limistéir ainmnithe ann do ghníomhaíochtaí ar leith.			
<p>Tá an soilsíú oiriúnach do dhaoine a bhfuil uathachas orthu.</p> <ul style="list-style-type: none">• Déantar seiceáil agus athrú rialta ar shoilse fluaraiseacha.• Cuirtear srian ar na tionchair a bhíonn ag solas nádúrtha a thagann isteach trí dhallóga agus a chruthaíonn pátrúin a chuireann isteach ar dhaoine.• Tabhair dromchlaí frithchaitheacha faoi deara.			

FUAIMEANNA AGUS TORAINN

Dea-Chleachtas	Suíomh	An Staid mar atá	Réitigh Fhéideartha
<p>Déan measúnú fuaimé ar an timpeallacht le cinntiú go bhfuil sé áisiúil ó thaobh na gcéadfaí de.</p> <ul style="list-style-type: none">• Ba cheart cairpéad a chur ar na hurláir. Mura féidir é seo a dhéanamh, ba cheart ceapa feilte a chur ar bhun chosa na gcathaoireacha.• An bhfuil fuaiméanna ann a chuirfeadh isteach ar dhaoine atá hipiríogair? (ticeanna an chloig, cloigíní, torainn an bhóthair srl.)• Déantar fuaimíocht na seomraí a sheiceáil, agus déantar na hathruithe cuí le macallaí a laghdú.			
<p>Is gá an torann a bhaineann le trealamh sa scoil a choinneáil chomh híseal agus is féidir.</p> <ul style="list-style-type: none">• Múchtar córais fuaimé, ríomhairí, solais agus scáileáin nach bhfuil in úsáid, le dordán fuaimé a sheachaint.• Níor chóir do challairí a bheith ró-ard ó thaobh fuaimé nó tuinairde de. Ná húsáid iad ach amháin má bhíonn gá leo.• Déan cláir dhubha a sheachaint. Bíonn cláir bhána níos fearr ó thaobh fuaimé de, ach bí cúramach agus marcóirí in úsáid.			

FUAIMEANNA AGUS TORAINN

Dea-Chleachtas	Suíomh	An Staid mar atá	Réitigh Fhéideartha
<p>Coinnítear torann sna hallaí léachta agus seomraí ranga chomh híseal agus is féidir:</p> <ul style="list-style-type: none">• Cuirtear cairpéad ar an urlár, leis an torann a dhéanann cathaoireacha agus deasca a laghdú. Mura féidir é seo a dhéanamh, ba cheart ceapa feilte a chur ar bhun chosa na gcathaoireacha.• Cuirtear cairpéad sna hallaí leis an torann a dhéanann daoine agus iad ag bogadh ó rang go rang a laghdú.• Cinntigh nach féidir le torainn lasmuigh den seomra ranga cur isteach ar obair an ranga.• Cinntigh go bhfuil fógraí soiléire ann a thugann rabhadh do scoláirí agus don fhoireann faoi na callairí.			
<p>Caithfidh limistéir atá ciúin a bheith sa scoil, chun spás a chur ar fáil do scoláirí a scíth a ligean in áit chiúin.</p>			

COTHROMAÍOCHT AGUS COMHORDÚ

Dea-Chleachtas	Suíomh	An Staid mar atá	Réitigh Fhéideartha
<p>Caithfidh an timpeallacht a bheith fairsing agus saor ó bhacainní nach bhfuil gá leo.</p>			
<p>Déantar socruithe leis an ngluaiseacht a dhéanamh níos éasca do dhaoine a bhfuil deacrachtaí luailéacha acu.</p> <ul style="list-style-type: none">• Tá fógraíocht shoiléir ann, a úsáideann dathanna cuí, chun daoine a threorú laistigh de thimpeallachtaí gnóthacha (ms. ceaintín)			
<p>Déantar tacaíochtaí a shuiteáil do dhaoine a mbíonn an comhordú deacair orthu.</p> <ul style="list-style-type: none">• Cuirtear ráillí agus barraí isteach in áiteanna a mbíonn gluaiseacht rialta iontu, agus in áiteanna nach bhfuil an dromchla cothrom (m.s. staighrí, pasáistí atá leathan srl.)			

TADHALL AGUS MOTHÚ

Dea-Chleachtas	Suíomh	An Staid mar atá	Réitigh Fhéideartha
<p>Suíocháin atá compordach</p> <ul style="list-style-type: none">• Cuirtear stuáil ar chathaoireacha crua, le hiad a dhéanamh níos compordaí.• Ba chóir rogha de shuíocháin a chur ar fáil (suíochán bog, crithchúisín (wobble cushion), liathróid spóirt srl.)			
<p>Is gá fógraí soiléire agus íomhánna a chrochadh, a léiríonn dromchlaí atá baolach.</p>			



Pointe Cruinnithe, Eolais
agus Comhairle maidir
le Speictream an Uathachais

Gaeloideachas 

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.